Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2014**

# Drámaíocht

## Páipéar Scríofa

**[G9251]**

**DÉ hAOINE 23 BEALTAINE, IARNÓIN**

G9251

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sa Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Léigh go cúramach na treoracha ar leathanach 3. Níl ach dráma **amháin** i gceist sa leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Ní mór duit Roinn A **agus** Roinn B a fhreagairt.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Tá **Roinn A** bunaithe ar do dhráma dualgais. Tá cead agat cóip **ghlan** de do dhráma dualgais a úsáid sa roinn seo den pháipéar.
Tá dhá cheist, **1** agus **2**, sa roinn seo. Ní mór duit an dá cheist a fhreagairt.
Tá **Roinn B** den pháipéar seo bunaithe ar an dráma a bhí in úsáid agat in Aonad 1 a Measúnaíodh go hInmheánach – Léiriú Scripte. Níl cead agat an dráma céanna a d'úsáid tú i Roinn A a úsáid ná cóip den dara drama seo a thabhairt isteach sa scrúdú.
Tá ceist amháin, ina bhfuil dhá chuid, **(a)** agus **(b)**, sa roinn seo. Ní mor duit an dá chuid a fhreagairt.
Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo, le marcanna do chaighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

LEATHANACH BÁN

**Dráma Dualgais do Roinn A**

Russell: *Blood Brothers*

Cuimhnigh go gcaithfidh tú Roinn A agus Roinn B **araon** a fhreagairt.

Scríobh do fhreagraí uile sa Leabhrán Freagraí.

## Roinn A – TÉACS DUALGAIS ATÁ LEAGTHA SÍOS

**1** Caith tuairim is 20 nóiméad ar an cheist seo (am léitheoireachta san áireamh).

Tarraing feisteas do **Mrs Lyons** nuair a thugann sí cuairt ar theach Mrs Johnstone i nGníomh a Dó den dráma:

- Bain úsáid as sceitse bunúsach agus lipéadaigh go soiléir é

Scríobh alt gearr (100 focal ar a mhéad) le do smaointe a chosaint. Sa fhreagra agat ba chóir duit tagairt a dhéanamh:

- don tréimhse ina bhfuil an dráma suite
- do stádas sóisialta an charachtair
- do rogha an datha, an chrutha agus na n-ábhar

Léirigh do fhreagra le sampla amháin ón téacs. [16]

**2** Caith tuairim is 40 nóiméad ar an cheist seo.

Mar aisteoir atá ag déanamh pháirt **Mrs Johnstone** i léiriú den dráma iomlán, scríobh faoi:

- an dóigh a n-úsáidfeá tobchumadóireacht ag pointe roghnaithe sa dráma
- an dóigh a n-úsáidfeá smaoineamh réamhléirithe eile ag pointe difriúil sa dráma
- an dóigh a mbeadh gach smaoineamh réamhléirithe ina chuidiú le gnéithe difriúla de stíl léirithe an charachtair agat a fhorbairt.

Léirigh do fhreagra le samplaí ón téacs. [40]

## Roinn B – LÉIRIÚ SCRIPTE

**3** Baineann an cheist seo leis an dóigh ar ullmhaigh tú agus ar chuir tú do ról i ngníomh sa Ghné Riachtanach den Obair Chúrsa – Léiriú Scripte.

Má bhí níos mó ná ról amháin agat, roghnaigh do phríomhcharachtar.

**Ná bain úsáid as *Blood Brothers* sa fhreagra seo.**

Caith tuairim is 30 nóiméad ar an cheist seo.

**(a)** Scríobh síos:

- teideal an dráma
- an drámadóir
- an ról a bhí agat

Cuir síos ar na rudaí a d'imir tionchar ar do stíl léirithe.

Déan tagairt ghearr don taighde a rinne tú ar chúlra an dráma, don stíl aisteoireachta, don stáitsiú agus d'aon fhaisnéis bhreise faoin drámadóir [8]

**(b)** Mínigh an dóigh ar úsáid tú **guth** i do léiriú leis an charachtar agat a chur in iúl.

Scríobh faoin léiriú agus ní faoin obair réamhléirithe. Sa fhreagra agat ba chóir duit tagairt a dhéanamh:

- do stádas sóisialta agus do phearsantacht an charachtair agat
- do ghníomhú an dráma

Léirigh do fhreagra le samplaí ón téacs. [16]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.